Cuid a 5 Suíomh & Léamh an Tírdhreacha

Tá Dún na nGall ar an tríú contae is mó sa tír le réim leathan éagsúlacht tírdhreach. Mar chuspóir na treorach seo beidh an Chontae rannta i gcúig gcineáll tírdhreacha, ag déanamh ionadaíochta ar an Chontae go léir.

- **Machaire íseal torthúil**
- **Gleannta le fána agus Uiscebhealaí Intíre**
- **Talamh Ard agus Portach**
- **Droimnín**
- **Cósta & Oileáin**

5.1 Machaire Íseal Torthúil

- Samplaí: An Beart, Big Isle, Gleann na Finne.

- Gnéithe: Radhairc fhada, Talamh íseal saibhir, páirceanna móra atá cothrom nó le fána beag, cnuasaigh crann duillsilteach aibí, flúirse fál sceiche agus clúdach fásra méith, de ghnáth rannta isteach i bhfeirmeacha dianshaothraithe.

- Cinéal Tithe: Tithe móra eastáit suite i ngairdíní tírdhreachta agus coillte fásta; cnuasaigh de bhóithigh feirme; tithe feirme le stór amháin agus áiléar, nó dhá stór; tithe na n-oibrithe atá de ghnáth tógtha de chloch le ballaí péinteáilte agus díonta sclátaí; bóithigh agus sciobóil mhóra feirme déanta de mhiotal rocach; agus lárionaid pleanáilte uirbeacha.

- Bagairt: Tá cathrú le haithint go tapa go háirithe taobh le Leitir Ceanainn-Doire, Leifear-Bealach Féich/Sratha an Urláir agus i gcúltíre na mbailte níos mó.
  Tithe le dearadh neamhoiriúnach ina seasamh go haonarach, ag déanamh aithris ar thithe eastáit chlasaiceacha ina gcuid suíomh beag, rud a fhágann go mbíonn meascán mí-oiriúnach de stíleanna fo-bhailteacha iontu.

Caithfear a bheith cúramach sna ceantair seo de bharr radhairc fhada agus infheictheacht ard na dtithe atá tógtha ann. Ba chóir prionsabail dearaí maithe tuaithe a leanúint, mar atá luaite sa chuid eile den treoir; ba chóir dearadh tithe uirbeacha agus fho-bhailteacha a sheachaint. Bheireann an chréafóg fhabhrach agus na coinníollacha aimsire sna ceantair seo deiseanna chun plandála. Ba chóir plandáil breisithe agus plandáil do chomhthathú a bheith déanta go fairsing.

5.2 Gleannta le Fána & Uiscebhealaí Intíre

- Samplaí: Loch Suilí, Loch Gartan, Loch Easa Rua, Loch Dearg, Loch Iasacigh

- Gnéithe: Cumhdach talaimh meascaithe, críocha de chlaíocha cloch agus fód, malairtí caighdeán créafóige, sleasa gleannta ag rith le fána, radhairc droimneacha, clóis le páirceanna beaga, talamh le flúirse adhmad agus scrobarnach, cosáin caola tuaithe, plandaí le foscadh, coillte crochta, feirmeacha beaga fo-roinnte, clachain tithe ag crosbhealaí go minic.

- Cineál Tithe: Tithe feirme le hurlár amháin nó dhá urlár i bplean cúng, tithe singilte le bóithigh coimhdeacha ar an taobh, clós feirme agus cnuasaigh bóithigh, tithe beaga oibre de chuid an 19ú haois. Teach cloiche rindreáilte agus péinteáilte, le ceann tuí nó sclátaí agus miotal péinteáilte.

- Bagairtí: Go minic taobh istigh d'áistir ghairid ó bhailte móra; brú ag teacht ó fhorbairtí tithíochta buanchónaithe agus tithe saoire atáthar a dtógáil ina gcomharsanacht tuaithe álainn. Cruthaíonn na forbairtí sin breis úsáide ar dhabhcha séarachais bagairtí ó thruailliú uisce agus ithreach. Táthar ag fáil réitigh de chríocha nádúrtha agus de phlandáil foscaidh le spás a dhéanamh do thógáil tithe agus tá suímh agus dearaí mí-oiriúnacha na dtithe sin ag milleadh áilleacht na gceantar sin.

Caithfear a bheith cúramach sna ceantair seo de bharr dinnseanchais droimneach agus fánaí; tig le tithe a bhfuil droch shuímh acu a bheith feiceálach agus míofar mura dtugtar aire don dearadh agus don suíomh laistigh den láthair féin.
Ba chóir guaillí agus cinn ris fánaí a sheachaint. Ba chóir tochailt agus inlíonadh a sheachaint.
Ba chóir don dearadh prionsabail simplí láidre tógála mar atá sonraithe sa chuid eile den treoir seo a leanúint. Ba chóir tithe ollmhóra a chuireann isteach ar an timpeallacht a sheachaint. Ba chóir plandáil a dhéanamh sna ceantair sin ar bhealach a chuideodh le himeascadh agus is féidir plandáil a dhéanamh fosta ar limistéir taise laistigh den suíomh.

5.3 Talamh Ard & Talamh Caorán

- Samplaí: Fánaí agus cnoic a théann le sliabhraonta, i.e. Na Cruacha Gorma, Sléibhte Dhoire Bheatha, Glean Domhain. Ceantair a thaispeánann tréithe cosúil le Dún Lúiche, Bearna na Máighe Móire, An Bearnas Mór.

- Tréithe: Taobh tíre lom garbh neamhthorthúil, fánaí ris, fraoch agus fásra talaimh iontach íseal, fás crann agus scobarnach teoranta agus taobh istigh d'ascaillí beaga foscaidh, lomáin chreagacha, bocht, aigéadach, créafóg faoi uisce go minic, claíocha cloch, mainnreacha beaga.

- Cineál Tithe: tithe beaga ísle fada aonstóir cuachta istigh i loganna foscaíocha nó i bpócaí beaga de ghleannta beaga torthúla. Beanna leis na príomh-ghaoithe. Tógtha le cloch, rindreáilte agus péinteáilte go minic; díonta ceann tuí, sclátaí, miotal péinteáilte agus cumhdach féir/fraoigh. Chinntigh na ballaí cloiche agus na díonta ceann tuí nó fóid leibhéal ard d'imeascadh leis an tírdhreach. Nádúr scoite nó clachain laistigh de phócaí thalaimh thorthúla. Bíonn stráicí crann de shaghas crua thart ar na tithe aonaracha seo go minic.

- Bagairtí: Tabhrann an tochailt agus líonadh isteach a déantar ar na suíomh, le hiad a chothromú, drochbhail ar an tírdhreach; déanann baint na gloch as cairéal dochar buan agus ba chóir a leithéid a sheachaint. Forbairt de thithe móra feiceálach is cúis le briseadh na spéire. Tithe feiceálach ag leibheál ard le breis radhairc a fháil. Éifeacht bhocht créafóige do chóireáil fuíolluisce.

Tá dearadh tí atá faichilleach agus fóirsteanach riachtanach do na ceantair sin de bharr leibhéal ard radhairc, fad radhairc agus easpa fásra, fás crann agus féideareachtaí do phlandáil úr. Tá tithe ísle fada caol oiriúnach.
Ba chóir den dearadh prionsabail simplí daingne mar atá sonraithe sa chuid eile den treoir a leanúint. Ba chóir guaillí agus cinn ris fánaí a sheachaint. Ba chóir ardáin agus loganna nadúrtha, nó forbairt a dhéanamh ar chairn, ballaí cloch srl, a úsáid fá choinne foscaidh agus comhthathú. Seans nach féidir plandáil a dhéanamh in áiteanna mar seo i gcónaí. Féach Aguisín do nótaí ar oiriúnacht créafóige fá choinne plandáil.

5.4 Droimnín

- Samplaí: Ceantair thart ar Bhaile an tSrátha, Baile Dhún na nGall, Cill Féich, Cúil Mór & Ros Neamhlach.

- Tréithe: Flúirse de chnoic bheaga dhroimneacha. Ithir ghairbhéil, fánaí tirime le háiteanna fliucha agus tais suite idir chnoic agus ag bun na sleasa. Bíonn fás crann le fáil go minic ar mhalaí agus ag bun na gcnoc. Tírdhreach beag droimneach druidte isteach le críocha beaga páirce. Tá ballaí cloch forleathan go minic de bharr mórchuid cloch sna páirceanna.

- Cineál Tithe: Tithe beaga feirme; tithe beaga traidisiúnta feirme, stór go leith agus dhá stór, ina gclacain bheaga ag crosbhealaí nó cóngarach de thaobh an bhealaí; bealtaí a leanann tailte ísle agus idir chnoic agus cosáin a thabharfadh rogha duit. Baineadh úsáid as plean cúng do na tithe, go háirithe cinn suite ag taobh an bhealaigh nó céimnithe le bheith in oiriuint don fhána. Tógtha le ballaí cloch siocair go raibh clocha ar fáil go forleathan sa cheantair. Fágtha gan péint ná rindreáil go minic; díonta sclátaí agus ceann tuí ba choitianta agus díonta de mhiotal rocach ar na bóithigh.

- Bagairtí: Cairéalú; brú ó fhorbairtí tithíochta agus tithe saoire go minic i gceantair nádúrtha álainn; leibhéil ard infheictheachta ag baint leis na tithe móra péacacha seo a thógtar i stíl fho-bhailteach.
  Tochailt leis na suímh a chothromú: Tá tochailt taobh istigh de chnoic bheaga agus tírdhreacha iontach sáiteach gonta agus bíonn na fánaí deacair a chóiriú ina dhiaidh. Forbairtí feiceálach ag barr fánaí le uasmhéid radhairc a fháil. Talamh bocht le réiteach a fháil d'fhuílluisce; d'féadfadh rith le sruth ó fhána cruinniú i gceantair loga fliucha.

Mórán foirgneamh mór ard á dtógáil laistigh de thírdhreach bábhúnach, rud nach bhfuil fóirsteanach ar chor ar bith, agus tig forbairtí den tsórt sin ar shleasa cnoc a fheiceáil thar achar fada. Ba chóir de thithe úra tairbhe a bhaint as ceantair ghleanntach áitiúla idir na sleasa, ag seachaint guaillí agus cinn fánaí. Tá tithe cúnga agus dearaí céimnithe oiriúnach. Ba chóir don dearadh cloí le prionsabail tógála atá simplí agus daingean, mar atá sonraithe sa chuid eile den treoir.

5.5 Cósta & Oileáin

- Sampláí: Málainn, Fánaid, Ros Goill, Gaoth Dobhair, Na Rosa, Gleann Cholm Cille, Creevy Oileán Thoraí, Inis Bó Finne, Árainn Mhór

- Tréithe: Líne cósta garbh bearnach; bánna agus inbhir bheaga; lomáin carraigeacha nochta go forleathan; páirceanna beaga laistigh de chlaíocha cloc; ganntanas fásra agus cumhdach crann: radharcanna fada oscailte. Patrúin tithíochta scaipthe, forbairtí thart ar bhánna bheaga laistigh den tírdhreach nó cuachta le chéile ar foscadh in ascaillí na gcnocán beag. Forbairt taobh an bhóthair. Clacháin ag bánna foscaíocha, forbairtí in aice le céanna srl.

- Cineál Tithe: Tithe beaga cloch, stór amháin, tithe beaga rindreáilte agus péinteáilte go forleathan; bóithigh bheaga déanta as cloch thart ar agus dronuilleach leis na tithe cónaithe le foscadh a chur ar fáil. Na beanna ar aghaidh na gaoithe. Ceann tuí, sclátaí, miotal rocach péinteáilte agus feilt tharrálailte á n-úsáid go forleathan do dhíonta.

- Bagairtí: Athrú cultúrtha de bharr níos mó caithimh aimsire ar na cóstaí agus na tránna, méadú tapa agus scaipeadh ar fhorbairtí tithe saoire atá deartha go neamhthuisceanach le leagan amach agus dearaí i stíl fho-bhailteach. Tochailt le háit a dhéanamh do thithe móra as scála agus ceantar millte fágtha dá bharr. Daoine ag dul i dtreo dearaí fo-bhailteach neamhoiriúnacha, ballaí cloch agus fáil sceach a n-aistriú, ganntanas foscaidh, créafóg bhocht, ciallaíonn droch aimsir agus gaotha gainimh go mbfhéidir nach mbeifear ábalta plandáil. Níl dóigh ar bith le forbairt a mhaolú. Droch thalamh do chóireáil fuílluisce.

Siocair an nádúr oscailte atá ag an tírdhreach agus droch choinníollacha aimsire, ba chóir dearaí do thithe rómhór a sheachaint. Ba chóir a bheith cúramach ag piocadh suíomh: má tá sé ró-oscailte, caillfear barraíocht teasa agus tabharfaidh an síon droch-chuma ar thaobh amuigh den teach. Ba chóir scrúdú a dhéanamh ar cineálacha éagsúla talaimh, dumhaí agus ballaí cloch fá choinne foscaidh agus comhtháthú. Beidh áitribh ar scálaí níos mó mí-oiriúnach agus feiceálach mar tá siad suite go holc, agus ciallaíonn radhairc fhada oscailte go bhfeictear iad ó i bhfad ar shiúl. Tá dearadh fada, íseal agus briste suas níos oiriúnaí. Ba chóir don dearadh cloí le prionsabail tógála atá simplí agus daingean, mar atá sonraithe sa chuid eile den treoir.